CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 60/26**
**Lucsamburg, 21 Aibreán 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-155/24 | Nederlandse Voedsel- en Warenautoriteit agus páirtithe eile

# Substaintí díobhálacha a astaíonn toitíní scagaire: má thagraíonn treoir de chuid an Aontais atá ceaptha chun sláinte an duine a chosaint do chaighdeáin idirnáisiúnta, ní mór do dhuine aonair a bheith in ann teacht orthu

Measann fondúireacht Ollannach atá i mbun feachtais chun cosc a chur ar chaitheamh tobac i measc daoine óga nach gcomhlíonann na toitíní scagtha atá ar fáil do thomhaltóirí san Ísiltír na huasleibhéil astaíochta le haghaidh tarra, nicitín agus aonocsaíd charbóin. Leagtar síos na leibhéil sin i dtreoir ón Aontas ina dtagraítear do mhodhanna tomhais dá bhforáiltear i gcaighdeáin idirnáisiúnta (ISO). Níorr foilsíodh na caighdeáin sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.* Ina breithiúnas, deimhníonn an Chúirt nach mór don Fhondúireacht a bheith in ann a fhíorú an gcomhlíonann toitíní na leibhéil astaíochtaí, i bhfianaise na modhanna tomhais a fhorordaítear leis na caighdeáin ISO dá dtagraítear sa Treoir. Ní mór an rochtain sin a bheith saor, is é sin le rá ginearálta, éifeachtach, saor in aisce agus neamh-idirdhealaitheach. I ndáil leis sin, measann an Chúirt go raibh rochtain iarbhír ag na páirtithe uile ar ábhar an leagain oifigiúil bharántúil de na caighdeáin ISO sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis an bhFondúireacht brath ar mhodhanna tomhais seachas na modhanna sin a fhorordaítear leis na caighdeáin ISO sin, fiú murar foilsíodh iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun toitíní le scagaire a tharraingt siar ón margadh.

In 2018, d’iarr Fondúireacht na hÓige um Chosc ar Chaitheamh Tobac, an Ísiltír, ar Údarás na hÍsiltíre um Shábháilteacht Bia agus Earraí Tomhaltai (NVWA) a chinntiú go gcomhlíonann toitíní scagaire san Ísiltír na huasleibhéil astaíochtaí le haghaidh tarra, nicitín agus aonocsaíd charbóin. Leagtar síos na leibhéil sin i dtreoir ón Aontas [1].

Ós rud é gur dhiúltaigh NVWA don iarraidh sin, tugadh an cás os comhair chúirteanna na hÍsiltíre. In 2020, tharchuir Cúirt Dúiche Rotterdam ceisteanna chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le forálacha áirithe den Treoir. Thug an Chúirt freagraí i mbreithiúnas an 22 Feabhra 2022 [2].

Tar éis an bhreithiúnais sin, chinn Cúirt Dúiche Rotterdam nach bhfuil na caighdeáin ISO dá dtagraítear i ndlí na hÍsiltíre infhorfheidhmithe i gcoinne na Fondúireachta agus nach gcomhlíonann an modh chun leibhéil astaíochtaí a thomhas a thuairiscítear sna caighdeáin sin an Treoir. Ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach leis an modh sin, cé gur thagair reachtóir an Aontais dó, go gcuireann an caiteoir tobac bac ar chuid den scagaire toitíní nuair a úsáidtear é mar a bhí beartaithe. Bhí an breithiúnas sin ó Chúirt Dúiche Rotterdam ina ábhar achomhairc, inar tarchuireadh ceisteanna nua chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go háirithe, an bhfuil údar le toradh den sórt sin i gcás ina bhfuil rochtain ar na caighdeáin ISO atá i gceist ag an duine aonair atá ag iarraidh go gcomhlíonfaidh toitíní a chuirtear ar an margadh na caighdeáin is infheidhme a ndearnadh faireachán orthu.

Ina breithiúnas, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór don Fhondúireacht, ar cosúil go dtagann a cuspóir faoi raon feidhme an chuspóra maidir le sláinte an duine a chosaint a shaothraítear leis an Treoir, a bheith in ann a fhíorú an gcomhlíonann toitíní arna monarú agus arna gcur ar an margadh na leibhéil astaíochtaí a leagtar síos leis an Treoir, i bhfianaise na modhanna tomhais a fhorordaítear leis na caighdeáin ISO dá dtagraítear sa Treoir sin. **Dá bhrí sin, ní mór saor-rochtain ar na caighdeáin sin a bheith ag duine aonair den sórt sin, i gcomhréir le prionsabal an smachta reachta. Ciallaíonn sé sin nach mór rochtain den sórt sin a bheith ginearálta, éifeachtach, saor in aisce agus neamh-**

**idirdhealaitheach.**

Tugann an Chúirt faoi deara freisin, a mhéid a bhunaíonn reachtóir an Aontais oibleagáidí maidir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus a fhéachann sé le leasanna amhail sláinte an duine a chosaint, **gur faoin Aontas Eorpach atá sé na costais a bhaineann le cur chun feidhme na saor-rochtana ar an leagan oifigiúil barántúil de na caighdeáin sin a íoc. Baineann sé sin go háirithe leis an gcás ina gcosnaítear na caighdeáin sin mar chearta maoine intleachtúla.**

I ndáil leis sin, measann an Chúirt go raibh rochtain ag na páirtithe uile ar ábhar an leagain oifigiúil bharántúil de na caighdeáin ISO dá dtagraítear sa Treoir atá faoi chonspóid sa chás seo. Sna himthosca sin, ní féidir leis an bhFondúireacht brath ar mhodhanna tomhais seachas na modhanna sin a fhorordaítear leis na caighdeáin ISO sin, fiú murar foilsíodh na caighdeáin sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, résumé ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE.

[2] Breithiúnas an 22 Feabhra 2022, C-160/20, *Stichting Rookpreventie Jeugd agus páirtithe eile* (féach freisin preaseisiúint Uimh. 29/22).